

**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**  
**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**  
**UNIVERSITIES ACT, 1997**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

**REACTH CCCXLV**

## National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

### STATUTE CCCXLV/*REACTH CCCXLV*

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this fifteenth Day of December, Two Thousand and Fifteen./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an cúigiú lá déag seo de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Cúig Déag.*

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*  
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

#### Schedule – STATUTE CCCXLV/*Sceideal* – *REACTH CCCXLV*

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

## CHAPTER I

### UNIVERSITY MANAGEMENT TEAM

1. Statute CCCXV, Chapter I is hereby amended by the substitution of the following Section for Section 1 therein:  
  
“1. There shall be a University Management Team, consisting of the President, the Registrar and Deputy-President, the Bursar, the Vice-President for Innovation and Performance, the Vice-President for Equality and Diversity, the Vice-President for the Student Experience, the Vice-President for Research, the Chief Operating Officer and the Secretary.”

## CHAPTER II

### VICE-PRESIDENTS

1. All previous Statutes of the University, and in particular Statute CCXVI, as amended by Statute CCLVI, Statute CCLXVIII, Statute CCLXXXIX and Statute CCCXV, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth:
2. There are hereby established in the University the following Offices of Vice-President:

Vice-President for Innovation and Performance  
Vice-President for Equality and Diversity  
Vice-President for the Student Experience  
Vice-President for Research.

3. The Vice-Presidents other than the Vice-President for Research and the Vice-President for Equality and Diversity shall be appointed by Údarás na hOllscoile, on the recommendation of the President.

The Vice-President for Research and the Vice-President for Equality and Diversity, shall, following consideration of a report from the Academic Council, be appointed by Údarás na hOllscoile in accordance with the report of an Assessment Board appointed for the purpose by Údarás na hOllscoile, following recommendations as to its membership from the Academic Council, which Board shall carry out such interview and other procedures as shall be determined by Údarás na hOllscoile.

4. The Vice-Presidents appointed shall hold office for such period not exceeding four years as may be determined from time to time by Údarás na hOllscoile and may be reappointed for a second term for such period not exceeding four years as may be determined from time to time by Údarás na hOllscoile. No person shall serve as a Vice-President for an aggregate period of more than eight years. Persons who have completed 8 years of service as a Vice-President and who are not otherwise of pensionable age will be eligible thereafter for appointment to another suitable post in the University.
5. The Office of Vice-President shall be a full-time, pensionable office.

6. The annual remuneration attached to the office of Vice-President shall be determined by Údarás na hOllscoile in accordance with the provisions of the Universities Act, 1997 and public pay policy.
7. The duties of each Vice-President shall be determined by Údarás na hOllscoile, by Regulation, following recommendation of the President. Each Vice-President shall carry out his/her duties under the direction of the President and shall, when required, attend meetings of Údarás na hOllscoile. Notwithstanding the foregoing, the Vice-President for Research and the Vice-President for the Student Experience shall carry out his/her duties under the direction of the President, but shall report to the Registrar and Deputy-President.

## CHAPTER III

### THE CHIEF OPERATING OFFICER

1. There is hereby established in the University the Office of Chief Operating Officer in place of the former Office of the Executive Director of Operations. The Sections 2-9 following replace Sections 2-9 in Statute CCXV.
2. The Chief Operating Officer shall be a member of the University Management Team and shall, when required, attend meetings of Údarás na hOllscoile.
3. The Office of the Chief Operating Officer shall be a fulltime post.
4. The Chief Operating Officer shall be appointed by Údarás na hOllscoile in accordance with the report of an Assessment Board appointed for the purpose by Údarás na hOllscoile, which Board shall carry out such interview and other procedures as shall be determined by Údarás na hOllscoile and which, in the opinion of Údarás na hOllscoile, will best ensure participation in the selection process by high-quality candidates from both within and outside of the University.
5. Subject to the terms of the Employment Control Framework currently in operation in the University under direction from the Higher Education Authority, or as such terms may be amended hereafter, the Chief Operating Officer shall, following satisfactory completion of a probationary period of two years, hold office, subject to good conduct and the due fulfilment of duties, until (s)he shall have attained the age of sixty-five years: PROVIDED that (1) in the case of the appointee who is deemed to be a 'new entrant' to the public service in accordance with the provisions of the Public Service Superannuation (Miscellaneous Provisions) Act 2004 and who had pensionable employment in the public service at some point in the twenty six weeks prior to his/her appointment, shall not be entitled to retire before attaining the age of sixty-five years and shall not be obligated to retire on the grounds of having attained the age of sixty-five years, or (2) in the case of an appointee who is deemed to be a 'new recruit' from 1 January, 2013 to the public service in accordance with the provisions of the Public Service Pensions (Single Scheme and Other Provisions) Act 2012, shall not be entitled to retire before attaining the age of sixty-six years from 1 January, 2014, rising in line with the statutory state pension age to sixty-seven years from 1 January 2021 and sixty-eight years from 1 January 2028 and shall not be obliged to retire before attaining the age of seventy years.

6. The annual remuneration attached to the Office of Chief Operating Officer shall be determined by Údarás na hOllscoile in accordance with the provisions of the Universities Act 1997 and public pay policy.
7. The Office of Chief Operating Officer shall be pensionable in accordance with the Statutes and Regulations of the University.
8. The Chief Operating Officer, under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall act as direct line manager to the Director of Physical Resources, the Director of Information Solutions and Services, and the Director of Human Resources. The Chief Operating Officer shall have a further responsibility for the coordination, organisation, delivery, monitoring and optimisation of the totality of the support services and support capacity of the University. In discharging the assigned responsibilities, the Chief Operating Officer shall give due priority to facilitating and enabling the effectiveness in the University's core work of teaching, learning, research and community engagement, to achieving best value for money in service provision, to delivering high standards of customer service, to developing good management practice, and to the development of excellence in teamwork and individual performance.
9. The Chief Operating Officer shall consult, as directed by the President, with other officers of the University in respect of matters of common concern.

## CHAPTER IV

### THE SECRETARY

1. Statute CCXVIII, Chapter II, is hereby amended as set out hereinafter.
2. The Office of Secretary shall henceforth be a fulltime office.
3. The Secretary shall be a member of the University Management Team.
4. The Secretary shall be appointed by Údarás na hOllscoile in accordance with the report of an Assessment Board appointed for the purpose by Údarás na hOllscoile, which Board shall carry out such interview and other procedures as shall be determined by Údarás na hOllscoile and which, in the opinion of Údarás na hOllscoile, will best ensure participation in the selection process by high-quality candidates from both within and outside of the University. Competency to discharge the duties of the Office through the medium of Irish shall be an essential qualification for appointment to the Office of Secretary.
5. Subject to the terms of the Employment Control Framework currently in operation in the University under direction from the Higher Education Authority, or as such terms may be amended hereafter, the Secretary shall, following satisfactory completion of a probationary period of two years, hold office, subject to good conduct and the due fulfilment of duties, until (s)he shall have attained the age of sixty-five years: provided that, in the case of an appointee to the Office of Secretary who is deemed to be a "new entrant" to the public service in accordance with the provisions of the Public Service

Superannuation (Miscellaneous Provisions) Act 2004, a holder of the said Office, shall not be entitled to retire before attaining the age of sixty-five years and shall not be obliged to retire on the grounds of having attained the age of sixty-five years.

6. The annual remuneration attached to the Office of Secretary shall be determined by Údarás na hOllscoile in accordance with the provisions of the Universities Act 1997.
7. The Office of Secretary shall be pensionable in accordance with the Statutes and Regulations of the University.
8. The Secretary, under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall have responsibility for:
  - (a) all matters relating to the legal affairs of the University, including compliance with legislative requirements, and the implementation of good governance practice.
  - (b) the formulation, in consultation with Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge and other University offices and personnel, implementation and monitoring of the University's policy and procedures in fulfilment of its strategic and legal commitments to the role of the Irish language in the University.
  - (c) the formulation, in consultation with other University offices and personnel, implementation and monitoring of the University's policy and procedures in fulfilment of its strategic commitment to the economic, social and cultural development of the region.
9. The Secretary shall be Secretary to Údarás na hOllscoile and to such of its Committees as Údarás na hOllscoile may determine.
10. The Secretary shall be responsible for the implementation of the regulations made by Údarás na hOllscoile relating to the selection, election, nomination and appointment of members of Údarás na hOllscoile and relating to the election by the University of members of the Senate of the National University of Ireland.
11. The Secretary shall conduct under the direction of the President such correspondence as Údarás na hOllscoile shall prescribe and shall carry out the instructions of Údarás na hOllscoile in such other reasonable ways as Údarás na hOllscoile shall prescribe for the general business of the University.
12. The Secretary shall consult, as directed by the President, with other officers of the University in respect of matters of common concern.

## CHAPTER V

### THE BURSAR

1. Statute CCXVIII, Chapter I, is hereby amended by the deletion of the following Section therein:

“4. The Governing Body may require the Bursar to perform, without any extra remuneration or emoluments, the duties of Secretary of the College for such periods as the Governing Body may determine”.

## CHAPTER VI

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.
2. This Statute shall come into operation on the fifteenth Day of December, Two Thousand and Fifteen, and may be cited as Statute CCCXLV, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCXLV, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*  
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

## CAIBIDIL I

### FOIREANN BHAINISTÍOCHTA NA hOLLSCOILE

1. Déantar Reacht CCLXXXIX, Caibidil II, a leasú leis seo tríd an Alt seo a leanas a chur in áit Alt 1 ansin:  
  
“1. Beidh Foireann Bhainistíochta na hOllscoile ann, agus is iad sin an tUachtarán, an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid, an Sparánaí, an Leas-Uachtarán um Nuálaíocht agus Feidhmíocht, an Leas-Uachtarán um Chomhionannais agus Éagsúlachta, an Leas-Uachtarán um Eispéireas na Mac Léinn, an Leas-Uachtarán um Thaighde, an Príomhoifigeach Oibriúcháin agus an Rúnaí.”

## CAIBIDIL II

### LEAS-UACHTARÁIN

1. Déanfar Reachtanna uile na hOllscoile roimhe seo, agus go háirithe Reachtanna CCXVI, arna leasú le Reachtanna CCLVI, CCLXVIII agus CCLXXXIX, a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos:

2. Bunaítear leis seo san Ollscoil na hOifigí Leas-Uachtaráin seo a leanas:

Leas-Uachtarán um Nuálaíocht agus Feidhmíocht  
Leas-Uachtarán um Chomhionannais agus Éagsúlachta  
Leas-Uachtarán um Thaighde  
Leas-Uachtarán um Eispéireas na Mac Léinn.

3. Ceapfar na Leas-Uachtaráin, seachas an Leas-Uachtarán um Thaighde, ag Údarás na hOllscoile ar mholadh an Uachtaráin.

Ceapfar an Leas-Uachtarán um Thaighde, tar éis dóibh tuarascáil ón gComhairle Acadúil a bhreathnú, ag Údarás na hOllscoile de réir tuarascáil Bhord Measúnaithe a bheas ceaptha chuige sin ag Údarás na hOllscoile, tar éis don Chomhairle Acadúil moltaí a dhéanamh faoina bhallraíocht, agus a chuirfidh i bhfeidhm cibé nósanna imeachta agallaimh agus eile a chinnfidh Údarás na hOllscoile.

4. Beidh na Leas-Uachtaráin a cheapfar ina dhiaidh seo i seilbh oifige go ceann cibé tréimhse, nach rachaidh thar cheithre bliana, a chinnfidh Údarás na hOllscoile ó am go chéile agus féadfar iad a athcheapadh don dara téarma go ceann cibé tréimhse, nach rachaidh thar cheithre bliana, a chinnfidh Údarás na hOllscoile ó am go chéile. Ní bheidh aon duine ina Leas-Uachtarán ar feadh tréimhse thar ocht mbliana san iomlán. Sa chás nach mbíonn aois Phinsin bainte amach ag an té a chuireann an tréimhse ocht mbliana i gcrích, beidh sé/sí ináirithe le ceapadh do phost oiriúnach eile san Ollscoil.

5. Is oifig lánaimseartha, inphinsin í Oifig Leas-Uachtaráin.



6. Is é an tuarastal a ghabhfaidh le hOifig Leas-Uachtaráin ná tuarastal a chinnfidh Údarás na hOllscoile ó am go chéile de réir ghnáthnósanna imeachta agus norm na hOllscoile agus polasaithe tuarastail sa chóras poiblí.
7. Cinnfear dualgais gach Leas-Uachtaráin ag Údarás na hOllscoile, le Rialachán, tar éis dóibh moltaí an Uachtaráin a fháil. Comhlíonfaidh gach Leas-Uachtarán a d(h)ualgais faoi stiúru an Uachtaráin agus beidh sé/sí i láthair ag cruinnithe Údarás na hOllscoile nuair a éileofar sin air/uirthi. D'ainneoin a bhfuil réamhráite, comhlíonfaidh an Leas-Uachtarán um Thaighde agus an Leas-Uachtarán um Eispéireas na Mac Léinn a d(h)ualgais faoi stiúru an Uachtaráin, ach tuairisceoidh sé/sí don Mheabhránaí agus Uachtarán Ionaid.

### CAIBIDIL III

#### AN PHRÍOMHOIFIGEACH OIBRIÚCHÁIN

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil Oifig an Phríomhoifigeach Oibriúcháin.
2. Beidh an Príomhoifigeach Oibriúcháin ina b(h)all d'Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile, agus beidh sé/sí i láthair ag cruinnithe Údarás na hOllscoile nuair a éileofar sin air/uirthi.
3. Is post lánaimseartha é oifig an Phríomhoifigeach Oibriúcháin.
4. Ceapfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Oibríochtaí ag Údarás na hOllscoile de réir thuarascáil Bhord Measúnaithe a bheas ceaptha chuige sin ag Údarás na hOllscoile, agus a chuirfidh i bhfeidhm cibé nósanna imeachta agallaimh agus eile a chinnfidh Údarás na hOllscoile, agus arb iad is fearr, dar le hÚdarás na hOllscoile, a chinnteoidh go nglacfaidh iarrthóirí ardcháilithe ó laistigh agus ó lasmuigh den Ollscoil páirt sa phróiseas roghnaithe.
5. Faoi réir théarmaí an Chreata um Rialú Fostaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair san Ollscoil faoi threoir ón Údarás um Ardoideachas, nó de réir mar a leasófar na téarmaí sin ina dhiaidh seo, beidh an Príomhoifigeach Oibriúcháin, tar éis dó/di tréimhse phromhaidh dhá bhliain a chomhlíonadh go sásúil, i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha agus má chomhlíonann sé/sí a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaíonn sé/sí cúig bliana seascad d'aois : AR AN gCOINNÍOL i gcás (1) sealbhóra a áirítear a bheith ina thosaitheoir nua sa tseirbhís phoiblí faoi na míreanna atá leagtha amach de réir forálacha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghneitheacha) 2004 agus a raibh fostaíocht phinseanach aige/aici sa tseirbhís phoiblí am ar bith thar tréimhse fiche agus a sé seachtainí sular ceapadh é/í, nach mbeidh sé/sí i dteideal imeacht ar scor sula slánaíonn sé/sí cúig bliana seascad d'aois agus nach mbeidh air/uirthi imeacht ar scor as a p(h)ost de thairbhe cúig bliana seascad d'aois a bheith slánaithe aige/aici, nó i gcás (2) sealbhóra a áirítear a bheith ina 'earcach nua' ó 1 Eanáir, 2013 don seirbhís phoiblí de réir na bhforálacha cuí san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 nach mbeidh sé/sí i dteideal scoir ó 1 Eanáir, 2014 sula slánaíonn sé/sí sé bhliain agus seascad d'aois agus an aoisleibhéal scoir ag ardú céim ar chéim leis an aoisleibhéal a bhaineann le pinsean reachtúil an Stáit, sé sin seacht mbliana agus seascad ó 1 Eanáir, 2021 agus ocht mbliana is seascad ó 1 Eanáir 2028 agus nach mbeidh air/uirthi imeacht ar scor sula mbíonn trí scor agus deich mbliana d'aois slánaithe acu.

6. Cinnfear an tuarastal bliantúil a ghabhfaidh le hOifig an Phríomhoifigeach Oibriúcháin ag Údarás na hOllscoile de réir forálacha Acht na nOllscoileanna 1997 agus polasaithe tuarastail an choráis phoiblí.
7. Is oifig inphinsin í Oifig an Phríomhoifigeach Oibriúcháin de réir Reachtanna agus Rialachán na hOllscoile.
8. Beidh an Príomhoifigeach Oibriúcháin, faoi stiúru an Uachtaráin agus de réir an pholasaí a chinnfear ag Údarás na hOllscoile, freagrach go díreach as bheith mar bhainisteoir line do Stiúrthóirí na rannóg seo a leanas; Achmhainní Fisiciúla, Daonna and Seirbhísí/Réitigh Teicneolaíochta. Beidh an Príomhoifigeach Oibriúcháin freagrach chomh maith as comhordú, eagrú, seachadadh agus barrfheabhsú iomlán na seirbhísí tacaíochta ag an Ollscoil agus as monatóireacht a dhéanamh orthu, le seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a chinntiú don phobal Ollscoile agus leis an luach is fearr ó thaobh oibríochta de a bhaint as na hacmhainní foirne agus eile a dháiltear ar na seirbhísí tacaíochta sin. Chuige sin, beidh aird ar leith ag an bPríomhoifigeach Oibriúcháin ar sheirbhísí den scoth a thacú agus a chothú san Ollscoil, seirbhísí a chuirfidh le héifeacht na hoibre i gcursaí teagaisc agus foghlama, taighde agus caidrimh poiblí, gnéithe atá lárnach i saol na hOllscoile. Beidh sé/sí freagrach fosta as luach den scoth a bhaint as na seirbhísí ceánna agus as na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir le seirbhísí custaiméara, dea-chleachtais bainistíochta agus dea-chleachtais oibre i measc grúpaí agus oibrithe aonair.
9. Rachadh an Príomhoifigeach Oibriúcháin i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile na hOllscoile ar na nithe sin is cuid spéise i bpáirt acu.

## CAIBIDIL IV

### AN RÚNAÍ

1. Déantar Reacht CCXVIII, Caibidil II, a leasú leis seo mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo.
2. Is oifig lánaimseartha a bheas in Oifig an Rúnaí feasta.
3. Beidh an Rúnaí ina b(h)all d'Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile.
4. Ceapfar an Rúnaí ag Údarás na hOllscoile de réir thuarascáil Bhord Measúnaithe a bheas ceaptha chuige sin ag Údarás na hOllscoile, agus a chuirfidh i bhfeidhm cibé nósanna imeachta agallaimh agus eile a chinnfidh Údarás na hOllscoile, agus arb iad is fearr, dar le hÚdarás na hOllscoile, a chinnteoidh go nglacfaidh iarrthóirí ardcháilithe ó laistigh agus ó lasmuigh den Ollscoil páirt sa phróiseas roghnaithe. Beidh inniúlacht ar dhualgais na hOifige a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge ina cáilíocht riachtanach le bheith ceaptha in Oifig an Rúnaí.
5. Faoi réir théarmaí an Chreata um Rialú Fostaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair san Ollscoil faoi threoir ón Údarás um Ardoideachas, nó de réir mar a leasófar na téarmaí sin ina dhiaidh seo, beidh an Rúnaí, tar éis dó/di tréimhse phromhaidh dhá bhliain a chomhlíonadh go sásúil, i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha agus go gcomhlíonfaidh a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaí sé/sí cúig bliana seascaid d'aois: ar choinníoll, i gcás duine a cheapfar in Oifig an Rúnaí a measfar a bheith ina

“(h)iontrálaí nua” sa tseirbhís phoiblí de réir forálacha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004, nach mbeidh sealbhóir na hOifige sin i dteideal scoir sula slánaí sé/sí cúig bliana seascad d’aois agus nach mbeidh air/uirthi scor ar bhonn cúig bliana seascad d’aois a bheith slánaithe aige/aici.

6. Cinnfear an tuarastal bliantúil a ghabhfaidh le hOifig an Rúnaí ag Údarás na hOllscoile de réir forálacha Acht na nOllscoileanna 1997.
7. Is oifig inphinsin í Oifig an Rúnaí de réir Reachtanna agus Rialachán na hOllscoile.
8. Beidh an Rúnaí, faoi stiúru an Uachtaráin agus de réir an pholasáí a chinnfear ag Údarás na hOllscoile, freagrach as:
  - (a) na nithe uile a bhaineann le gnóthaí dlíthiúla na hOllscoile, lena n-áirítear cloí le riachtanais reachtaíochta, agus dea-chleachtas rialachais a chur i bhfeidhm.
  - (b) polasaí agus nósanna imeachta na hOllscoile lena ceangaltais straitéiseacha agus dlíthiúla i leith ról na Gaeilge san Ollscoil a chomhlíonadh a fhoirmiú, i gcomhairle le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus oifigí agus foireann eile na hOllscoile, agus a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
  - (c) polasaí agus nósanna imeachta na hOllscoile lena ceangaltas straitéiseach d’fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin a chomhlíonadh a fhoirmiú, i gcomhairle le hoifigí agus foireann eile na hOllscoile, agus a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
9. Beidh an Rúnaí ina Rúnaí d’Údarás na hOllscoile agus do cibé dá gCoistí a chinnfidh Údarás na hOllscoile.
10. Beidh an Rúnaí freagrach as feidhmiú na Rialachán a dhéanfaidh Údarás na hOllscoile maidir le baill Údarás na hOllscoile a roghnú, a thoghadh, a ainmniú agus a cheapadh agus maidir le baill de Sheanad Ollscoil na hÉireann a thoghadh ag an Ollscoil.
11. Seolfaidh an Rúnaí, faoi stiúru an Uachtaráin, cibé comhfhreagras a ordóidh Údarás na hOllscoile, agus comhlíonfaidh sé/sí teoracha Údarás na hOllscoile ar cibé bealaí réasúnta eile a ordóidh Údarás na hOllscoile chun gnó ginearálta na hOllscoile.
12. Rachaidh an Rúnaí i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile na hOllscoile ar na nithe sin is cuid spéise i bpáirt acu.

## CAIBIDIL V

### AN SPARÁNAÍ

1. Déantar Reacht CCXVIII, Caibidil I, arna leasú leis seo tríd an Alt seo a leanas a scríosadh ansin:

“4. Féadfaidh an Coiste Rialaithe a éileamh ar an Sparánaí dualgais Rúnaí an Choláiste a chomhlíonadh, gan aon luach saothair nó tuarastal breise, ar feadh cibé tréimhse a chinnfidh an Coiste Rialaithe le Rialachán”.

## CAIBIDIL VI

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.
2. Tiofadh an Reacht seo i ngníomh an cúigiú lá déag de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Cúig Déag, agus féadfar Reacht CCCXLV, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCXLV, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*  
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*